Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Internal Security Fund POLICE

7

# Seoladh an ghlao ar thograí le haghaidh cistiú faoin gCiste Slándála Inmheánaí (CSI) 2021 – 2027

DRAFT

# Clár Ábhair

Seoladh an ghlao ar thograí le haghaidh cistiú faoin gCiste Slándála Inmheánaí (CSI) 2021 – 2027 ..... 1
1. Réamhrá ..... 3
2. Glao ar thograí ..... 3
3. Prionsabail Ghinearálta ..... 4
3.1 Tréimhse incháilitheachta ..... 4
Comhchistiú ..... 4
Caiteachas incháilithe ..... 4
3.4 Breithniú comhshaoil agus inbhuanaitheachta ..... 5
3.5 Cistiú dúbailte ..... 5
4. Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh ..... 6
4.1 Gnéithe inghlacthachta agus measúnaithe ..... 6
Critéar ..... 7
Iomlán na marcanna atá ar fáil ..... 7
Critéar ..... 8
Príomhcheist ..... 8
Ceisteanna meastóireachta tipiciúla ..... 8
Scór íosta pasála ..... 8
Ábharthacht ..... 8
nEagraíocht ..... 8
Neart an Togra ..... 9
Éifeachtúlacht ..... 9
4.2 Céimeanna sa mheastóireacht ar thograí ..... 9

DRAFT

DRAFT

## 1. Réamhrá

Le Rialachán (AE) 2021/[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021, bunaíodh an Ciste Slándála Inmheánaí. Is é cuspóir beartais an Chiste rannchuidiú le hardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, agus an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint, agus trí ullmhú do theagmhais, rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil, cosaint a thabhairt ina gcoinne agus iad a bhainistiú go héifeachtach faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Is í an Stiúrthóireacht Airgeadais, An Garda Síochána, Údarás Bainistíochta an Chiste Slándála Inmheánaí ('CSI') don chlárthréimhse 2021-2027.

## 2. Glao ar thograí

Iarrann an Garda Síochána, ina cháil mar an tÚdarás Bainistíochta um an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI) 2021 – 2027, iarratais ar mhaoiniú faoin gclár seo.

Is é €27.55m an maoiniú iomlán atá ar fáil d'Éirinn faoin gCiste Slándála Inmheánaí. Tá cistiú ar bhonn fíorchostais ar fáil do thionscadail lena saothrófar ceann amháin nó níos mó de chuspóirí [1]sonracha seo a leanas an chiste:

- malartú faisnéise a fheabhsú agus a éascú idir údaráis inniúla agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus laistigh díobh agus, i gcás inarb ábhartha, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
- comhar trasteorann a fheabhsú agus a threisiú, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha, idir údaráis inniúla i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi.
- tacú le cumais na mBallstát a neartú i ndáil leis an gcoireacht, an sceimhlitheoireacht agus an radacú a chosc agus a chomhrac, chomh maith le teagmhais, rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil a bhainistiú, lena n-áirítear trí chomhar méadaithe idir údaráis phoiblí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha i mBallstáit éagsúla.

Níor cheart go mbeadh an méid maoinithe a iarrtar in aghaidh an togra níos lú ná €200,000. Má fhaightear go leor iarratas agus má éiríonn leo, féadfar an méid deiridh atá le leithdháileadh ar thogra an iarratasóra a ísliú.

[1] RIALACHÁN (AE) 2021/1149 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí

# 3. Prionsabail Ghinearálta

<u>3.1 Tréimhse incháilitheachta</u>

Tús an chláir: 01/01/2021

Deireadh an chláir: 31/12/2027

Ní mór tús a chur le tograí rathúla roimh an 31 Nollaig 2027. Ní mór caiteachas incháilithe a thabhú agus a íoc i gcur chun feidhme oibríochtaí, idir dáta an chomhaontaithe deontais agus an 31 Nollaig 2029. Ní bheidh caiteachas a thabhaítear sula sínítear comhaontú deontais leis an údarás bainistíochta incháilithe le haghaidh aisíocaíochta.

<u>Comhchistiú</u>

Déanfaidh an tAontas Eorpach cómhaoiniú ar thionscadail roghnaithe ar bhonn 75% nó 90% faoi CSI (tríd an Stiúrthóireacht Airgeadais, An Garda Síochána), agus 25% nó 10% trí shocrú maoinithe a bheidh le cur i bhfeidhm ag an iarratasóir sula ndéanfar an t-iarratas. Ceanglaítear ar gach iarratasóir fianaise ar an socrú maoinithe seo a chur ar fáil mar chuid dá n-iarratas. Ní féidir an cistiú 10% nó 25% atá fágtha a fháil ó aon Chiste eile de chuid an Aontais.

<u>Caiteachas incháilithe</u>

[2] amach in Airteagail 63 go 68 de Rialachán 2021/10602 na coinníollacha chun incháilitheacht caiteachais a chinneadh. [1] amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/11491 raon feidhme na tacaíochta faoin gciste.

Leagtar amach in Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2021/[2] [2] agus in Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/[1] na costais neamh-incháilithe. Ní mór rian iniúchóireachta iomlán a bheith ar fáil le haghaidh gach speansais incháilithe.

Caiteachas neamh-incháilithe de réir Airteagal 64 de Rialachán 2021/1060[2]

1. Ní bheidh na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó na Cistí:

(a) ús ar fhiachas, ach amháin i ndáil le deontais a thugtar i bhfoirm fóirdheontais ráta úis nó fóirdheontais táille ráthaíochta;

(b) ceannach talún ar mhéid is mó ná 10% den chaiteachas incháilithe iomlán don oibríocht lena mbaineann; maidir le láithreáin thréigthe agus láithreáin a bhíodh in úsáid thionsclaíoch roimhe sin ina bhfuil foirgnimh, méadófar an teorainn sin go 15 %; i gcás ionstraimí airgeadais, beidh feidhm ag na céatadáin sin maidir le ranníocaíocht an chláir a íoctar leis an bhfaighteoir deiridh nó, i gcás ráthaíochtaí, maidir le méid na hiasachta foluití;

(c) cáin bhreisluacha ('CBL'), ach amháin:

[2] [RIALACHÁN (AE) 2021/1060 lena leagtar síos forálacha coiteanna]

DRAFT

(i) i gcás oibríochtaí ar lú a gcostas iomlán ná EUR 5 000 000 (CBL san áireamh);

(ii) i gcás oibríochtaí arb é EUR 5 000 000 ar a laghad a gcostas iomlán (CBL san áireamh) i gcás nach bhfuil sé inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL;

(iii) infheistíochtaí arna ndéanamh ag faighteoirí deiridh i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais; i gcás ina dtacaítear leis na hinfheistíochtaí sin le hionstraimí airgeadais arna gcomhcheangal le tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontais dá dtagraítear in Airteagal 58(5), ní bheidh CBL incháilithe don chuid den chostas infheistíochta a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontais, mura bhfuil CBL don chostas infheistíochta neamh-inghnóthaithe faoi reachtaíocht náisiúnta CBL nó i gcás ina bhfuil an chuid den chostas infheistíochta a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontais faoi bhun EUR 5 000 000 (CBL san áireamh);

Caiteachas neamh-incháilithe de réir Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/1149[1]

(a) gníomhaíochtaí atá teoranta don ord poiblí a choinneáil ar an leibhéal náisiúnta;

(b) gníomhaíochtaí a bhfuil cuspóir míleata nó cosanta acu;

(c) trealamh arb é rialú custaim an príomhchuspóir atá leis;

(d) trealamh comhéigneach, lena n-áirítear airm, armlón, pléascáin agus bataí círéibe, ach amháin chun críoch oiliúna;

(e) luach saothair agus splanc-airgead ón bhfaisnéiseoir lasmuigh de chreat gníomhaíochta oibríochtúla de chuid thimthriall beartais an Aontais/EMPACT.

DRAFT

3.4 Breithniú comhshaoil agus inbhuanaitheachta

Faoi roinn 61 de Rialachán (AE) 2021/1149 ceanglaítear gur ‘cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramaítear caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus nach ndéanfadh aon dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.’ Féadfar a iarraidh ar iarratasóirí measúnú a sholáthar ar thionchar comhshaoil na dtograí. Maidir le tograí ar cinneadh go bhféadfaidís dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, féadfar a mheas go bhfuil siad neamh-incháilithe.

3.5 Cistiú dúbailte

Le hAirteagal 191(3) den Rialachán Airgeadais, cuirtear [3]toirmeasc ar chistiú dúbailte. Ní mór d'iarratasóirí rathúla a chinntiú nach dtarlaíonn aon chistiú dúbailte.

[3] Rialachán Airgeadais

DRAFT

# 4. Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Ní mór iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais atá curtha ar fáil agus gach cuid ábhartha líonta isteach.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise nó soiléiriú uait, ar an gcéad dul síos féach an treoirdhoiciméad a ghabhann leis seo. Mura bhfuil, seol ríomhphost chuig CSI@garda.ie faoin 26/06/2026 ar a dhéanaí.

Ní mór tograí a chur isteach faoi 10/07/2026 to the functional area mailbox **amháin** CSI@garda.ie leis an líne ábhair 'CSI glao ar thograí 2026 – *(Ainm an tionscadail)*'. Admhófar go bhfuarthas tograí laistigh de 24 uair an chloig (i rith na seachtaine). Mura bhfaigheann iarratasóirí an deimhniú sin, moltar dóibh teagmháil a dhéanamh le bosca poist rannóg CSI CSI@garda.ie arís.

Ní cheadaítear aon mhodhnú ar an iarratas a luaithe a bheidh an sprioc-am chun iarratas a chur isteach caite. Mar sin féin, más gá gnéithe áirithe a shoiléiriú nó botúin chléireachais a cheartú, féadfaidh an tÚdarás Bainistíochta teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir le linn an phróisis meastóireachta. Ba cheart don Údarás Bainistíochta freagra a thabhairt laistigh de 3 lá oibre ó dháta na hiarrata.

### 4.1 Gnéithe inghlacthachta agus measúnaithe

Beidh iarratais a gheofar faoi réir seiceála tosaigh ag an Údarás Bainistíochta lena chinntiú go bhfuil siad inghlactha lena mbreithniú. Chun go measfar go bhfuil togra inghlactha, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a sheoladh isteach in am;
- a bheith curtha isteach ag eagraíocht is iarratasóir incháilithe;
- beidh siad iomlán (i.e., críochnófar na ranna ábhartha uile);
- beidh sé sínithe ag duine atá údaraithe chun an t-iarratas a chur isteach thar ceann na heagraíochta is iarratasóir; agus
- fianaise a sholáthar go bhfuil gá le cistiú 10 % nó 25 % atá fágtha.

Sainmhínítear eagraíocht is iarratasóir incháilithe mar a leanas;

- Tá an eagraíocht is iarratasóir corpraithe in Éirinn agus cuirfidh sí seirbhísí ar fáil in Éirinn.
- Ní mór d'iarratasóirí comhlachtaí neamhphoiblí a bheith in ann faisnéis airgeadais a sholáthar chun a léiriú nach Gnóthais le Deacrachtaí iad.
- Ní mór d'iarratasóirí comhlachta neamhphoiblí a bheith in ann fianaise ar stádas imréitigh cánach a sholáthar roimh aon iarraidh ar íocaíocht.

Déanfaidh an Garda Síochána measúnú ar thograí inghlactha bunaithe ar na critéir roghnúcháin thíos. Déanann an Coiste Meastóireachta measúnú ar na tograí go léir faoi threoir na gcritéar thíos, agus cuirtear ualú aonair i bhfeidhm maidir le gach critéar. Ceanglaítear ar thogra meánmharc pasála a fháil le haghaidh gach critéir chun go molfar é lena fhormheas.

| Critéar | Iomlán na marcanna atá ar fáil |
| --- | --- |
| **Ábharthacht** | 40% |
| **nEagraíocht** | 30% |
| **Neart an Togra** | 15% |
| **Éifeachtúlacht** | 15% |

DRAFT

| Critéar | Príomhcheist | Ceisteanna meastóireachta tipiciúla | Scór íosta pasála |
|---|---|---|---|
| **Ábharthacht** | Cá mhéad a thugann an tionscadal aghaidh ar Chuspóirí Sonracha CSI agus a rannchuidíonn sé leis an ngníomhaíocht incháilithe roghnaithe a chuirtear i dtábhacht faoi bhileog chlársceidealaithe an Aontais? | An bhfuil cuspóirí an tionscadail leagtha amach go soiléir agus an gcomhlíonann siad na haidhmeanna a bhaineann leis an gCuspóir Sonrach is infheidhme (i.e., SO1/SO2/SO3)?<br><br>Cé chomh hábhartha is atá an tionscadal atá beartaithe i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar amach i bhFíorchlár clársceidealaithe CSI agus a ábhartha atá sé don Chuspóir Sonrach is infheidhme?<br><br>A mhéid a luíonn an ghníomhaíocht atá beartaithe le beartais phóilíneachta náisiúnta atá ann cheana. | 30/40 (75%) |
| **nEagraíocht** | An bhfuil sé inchreidte ar bhonn cistiú sa chlárthréimhse roimhe sin, go mbeidh an t-iarratasóir in ann an togra tionscadail a chur chun feidhme go rathúil agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an deontas a chomhlíonadh? | An bhfuil fianaise ann chun tacú le cumas an iarratasóra na torthaí atá beartaithe a bhaint amach.<br><br>An bhfuil aon taithí roimh ré ag an iarratasóir ar bheith ag obair le riachtanais CSI?<br><br>Fianaise ar an iarratasóir chun an tionscadal beartaithe a bhainistiú ar bhealach cuí.<br><br>Fianaise ar rialachas cuí agus inmharthanacht airgeadais na heagraíochta.<br><br>Tionscadail arna gcistiú ag CSI a chur i gcrích roimhe seo agus ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh.<br><br>An cumas príomhcheanglais faisnéise a bhailiú, a chothabháil agus faireachán a dhéanamh orthu. | 18/30 (60%) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Neart an Togra** | An bhfuil togra an tionscadail soiléir agus nithiúil i ngach réimse?<br><br>An bhfuil na gníomhaíochtaí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo le baint amach inchainníochtaithe agus intomhaiste? | Cé chomh héifeachtach is atá an togra agus eisíocaíocht na seirbhísí atá le cur ar fáil?<br><br>Cé chomh mionsonraithe agus struchtúrtha atá an togra?<br><br>Cé chomh héifeachtach agus a thugann an Togra aghaidh ar cheanglais threoirlínte an Oifig um Sholáthar Rialtais? | 9/15 (60%) |
| **Éifeachtúlacht** | Cé chomh soiléir agus dea-struchtúrtha atá buiséad an tionscadail agus an dtugann na tuairisceáin luach ar airgead? | Cé chomh soiléir agus dea-struchtúrtha atá buiséad an tionscadail?<br><br>An bhfuil na costais i gcomhréir le noirm an mhargaidh?<br><br>An bhfuil na forchostais a leagtar amach réasúnta?<br><br>An bhfuil costais fhoriomlána an tionscadail réalaíoch agus ábhartha?<br><br>An bhfuil gá leis na torthaí beartaithe ón tionscadal mar gheall ar chostas foriomlán an tionscadail? | 9/15 (60%) |

<u>4.2 Céimeanna sa mheastóireacht ar thograí</u>

1. Inghlacthacht tograí a chinneadh.
2. Leasú ar Chlár Náisiúnta na hÉireann chun cistiú féideartha tograí inghlactha a chumasú.
3. Meastóireacht ar thograí de réir critéar roghnúcháin.
4. Fógra i dtaobh thoradh an mheasúnaithe. Cuirfear comhaontú deontais ar fáil ansin d'iarratasóirí a n-éireoidh leo lena síniú sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht bheartaithe.

DRAFT